# Líon na Bearnaí

## Sraith 6: Fadhbanna ar saoire.

**Pictiúr 1:**

Sa phictiúir seo feicimid teaghlach, beirt thuismitheoirí, beirt pháistí, beirt dhéagóirí, iníon agus mac, ina suí ar chathaoireacha ag an mbord sa chistin agus iad ag ________________don Samhradh. Tá drisiúr deas taobh leo agus é lán de ghréithe. Dúirt an mháthair go raibh a fear agus í féin ag ____________airgid chun dul ar saoire. Ní raibh ___________ acu an bhliain roimhe sin chun dul in áit ar bith mar ní raibh an t-airgead acu. Ní fhéadfaidís dul an bhliain dar gcionn mar bheadh an Ardteist á dhéanamh ag na páistí. Dá bhrí sin bhí sé ___________ acu saoire a thógáil i mbliana.

**Pictiúr 2:**

Isteach leo chuig oifig an ghníomhaire ______________, an ceathrar acu. D'inis an t-athair go raibh rogha déanta agus go raibh áit a ghlacfadh le páistí ___________ acu ar an Idirlíon i Malaga. Dúirt rúnaí an ghníomhaire taistil go raibh __________ mór óstán ansin agus go raibh ionadaí acu féin ann chomh maith a bheadh in ann cuidiú leo. Chuaigh sí síos trí líosta na n-óstán a bhí ar fáil agus dúirt an iníon go mba bhreá léi ceann áirithe mar go raibh ______________ breátha ann agus gur bhreathnaigh sé an-chompórdach agus go raibh sé i suíomh an-deas.

**Pictiúr 3:**

D'imigh an t-am go tapa agus ba ghearr go raibh siad ag ____________ in Aerfort Malaga. Chuir __________________ an ghníomhaire taistil fáilte rompu. Bhí spéaclaí gréine air agus bhí léine le muinchillí gearra á chaitheamh aige. Bhí cuma air go raibh taithí aige ar an saol faoin ghrian. Thug sé a uimhir _______________ dóibh. Dúirt sé leo glaoch air dá dtarlódh rud ar bith as bealach.

**Pictiúr 4:**

D'imigh siad leo ansin go dtí an t-óstán, an "Hotel Sol". Isteach leo sa seomra. Baineadh geit uafásach astu. Bhí éadaí agus ceirteacha agus salachar den uile chineál ___________ timpeall an tseomra. Ní rabhadar sásta glacadh le _______________mar sin. Chuaigh an t-athair go dtí an fáilteoir, agus rinne sé a _______________. Duirt sé go raibh an seomra thar a bheith salach agus gur theastaigh uathu imeacht. Bhí ar intinn acu _____________ chuig óstán eile. Ag an am céanna bhí an mháthair ag glaoch ar _______________ an ghníomhaire taistil agus an gearán céanna á dhéanamh aici. D'iarr sí ar an ngníomhaire taistil ostán eile a lorg dóibh.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5:**

Tháinig ionadaí an ghníomhaire taistil chucu. Ghabh sé ______________ leo. Dúirt sé go raibh brón air. Mhínigh sé céard a tharla. Dúirt sé go raibh _____________ ar siúl agus gur chruthaigh sí sin a lán fadhbanna. Ansin dúirt sé go raibh ostán nua faighte aige, ceann álainn dárbh ainm dó "Salles Central". Bhí ___________ an-deas aige cois trá. Bhí na háiseanna go léir ann. I ngeall ar an rud a thárla don teaghlach dhéanfadh seisean ______________ ar a laethanta saoire agus thabharfadh sé lóistín dóibh san ostán nua seo "Salles Central".

**Pictiúr 6:**

Ba ghearr go raibh an teaghlach ar a sáimhín só ag _____________ na gréine os comhair an ostáin nua. Bhí an ghrian ag scalladh anuas orthu agus an fharraige ag teacht isteach ar an trá díreach in aice leo. Bhí linn snámha os comhair an ostáin agus bhí leapacha gréine ar fáil agus scáthláin os a gcionn chun ______________ ón ngrian a thabhairt chun nach ndófaí na fámairí. Bhí deoch deas taobh leis ag an athair agus ina aigne tá sé ag rá gur "olc an ghaoth nach séideann an mhaith do dhuine éigin". Bhí an bhean ag rá léi féin go raibh an áit go hiontach freisin. Bhí an dream óg istigh sa __________ snámha, ag snámh agus ag lapadaíl agus bhí siad siúd an-sásta chomh maith.